Journal of the Cork Historical and Archaeological Society

www.corkhist.ie

Title: Review: "The Dominicans in Cork", by Margaret MacAuliffe (Cork: Paramount Printing House, 1939)

Author: O'Sullivan, D.

Journal of the Cork Historical and Archaeological Society, 1939, Vol. 44, No. 160, page(s) 138

Published by the Cork Historical and Archaeological Society

Digital file created: April 10, 2015

Your use of the JCHAS digital archive indicates that you accept the Terms and Conditions of Use, available at http://www.corkhist.ie/info/tandc.pdf

The Cork Historical and Archaeological Society (IE-148166, incorporated 1989) was founded in 1891, for the collection, preservation and diffusion of all available information regarding the past of the City and County of Cork, and South of Ireland generally. This archive of all content of JCHAS (from 1892 up to ten years preceding current publication) continues the original aims of the founders in 1891. For more information visit www.corkhist.ie.

This content downloaded from www.corkhist.ie

All use subject to CHAS Terms and Conditions

Digital content (c) CHAS 2015

The Dominicans in Cork. By Margaret MacAuliffe, M.A. Cork: Paramount Printing House. 1939. 6d.

Since the publication of the Rev. Father Dwyer's *The Dominicans of Cork City and County*, there has appeared neither history nor popular historical sketch of the Order of St. Dominic from its establishment in Cork seven centuries ago to the present day. Miss MacAuliffe, whose booklet was written for the occasion of the consecration of the Dominican Fathers' Church, Pope's Quay, Cork, on September 16th of the present year (1939) is therefore to be congratulated in that she has given to the public so much information on the Order in the small space of fifty-six pages, and at the same time thanked for having supplied this want.

The story of the origin of the Order of Preachers and its subsequent success which, " in the history of religious life, seems to mark out a culminating point "—the Preachers' arrival in Ireland in 1224—their advent in Cork and settlement there under patronage of the Lord Philip Barry in 1229—their "Acta " in Cork down the centuries to our own day—is clearly and concisely set forth by our author, written in a graceful facile style which makes its reading a real pleasure.

We are indebted in no small degree to Miss MacAuliffe for what she has given us, and her little book is certainly worthy of wide circulation.

D. O'SULLIVAN.

Description d'un Parler irlandais de Kerry, par M. L. Sjoestedt-Jonval, Directeur d'Études à l'École des Hautes Études. Paris, Librairie Champion, 5 Quai Malaquais; 1938.

Bean uasal ón bhFraingc iseadh ughdar an leabhair seo. Tháinig sí go hÉirinn d'aonghnó chun eólus do chur ar an dteanga bheó mar do bhí ag na daoine féin. Do seóladh í siar go Corca Dhuibhne mar ar chuir sí eólas ar chanamhaint Pharóiste Dhún Chuinn agus an Bhlascaeid Mhóir. Deir sí féin gur thug sí cuarda go minic ann ó 1925 go dtí 1929; agus gur thug sí Meitheamh an Fhoghmhair agus Deireadh an Fhoghmhair san bhleadain 1933 ann, ag ceartú agus ag críochnú an chnuasaigh a bhí déanta aici ar dtúis.

Isé seo an dara leabhar ón ughdar chéadna ar chanamhaint Dún Chuinn. San chéad leabhar .i. " Phonétique d'um Parler irlandais de Kerry," do dhein si stuidéar iomlán ar fhoghraidheacht na canamhna san, dá taisbeáint i script ealadhnta na foghraidheachta. Fuair sí árd-mholadh dá bhárr.

Tá sí ag tabhairt chunntais san leabhar so ar ghraiméar na canamhna san. Tosnuigheann sí leis an bhfocal aonair, i lár chainnte, ag miniú an atharrúcháin a ghabhann é (*a*) 'na lár is 'na dheireadh (caolú agus leathanú), agus (*b*) 'na thosach (séimhiú agus Uirdhiobhadh), Tagann sí ar na Rannaibh Innscne do réir uird áirithe. Tá tosach ag an Ainm. Ceanglann sí le chéile Aidiachta, Forainmneacha, doibhriathra fén teideal " Nominaux " (Ainmeantaí). San chuid seo den obair tá tagraí spéiseamhla don Díochlaonadh, d'Uimhir Iolraidh an Ainme, agus do na hiarmhíreanna Aidiachta.

Tá roinn fé leith san áit sin ar thuarasgabháil an " chnuas Ainmeanta " (Le Groupe Nominal), mar a bhfuil míniú ar fheidhm an ainme agus na bhfocal a ghabhann leis san chainnt, maratá, Aidiacht alt, Réamhfhocal, etc. Is ann a áirmhightear riaghlacha an tSéimhiúcháin is an Uirdhiobhcháin, chomh fada is a bhainid siad leis an ainm is leis an bhForainm san Dhíochlaonadh. Is ann leis atá cunntas ar abairtí 'na mbíonn an Chopail, agus comparáid eatortha féin is abairtí 'na mbíonn an Briathair " tá."

D'éis scaradh leis an "Ainm " tugtar fá Réimniú an Bhriathair, agus a atharrúchán san do réir phearsan is Aimsire is Mhodha; agus caibidil fé leith ann ar na Briathra Neamhriaghlta. Is greannmhair a thabhairt fé ndeara gur " ghaibheas (ghadhas) atá aca ar " ghabhas "; agus is iongnadh liom gan " dearna " aca mar chuid den bhriathar " deinim " (do-ním). An caibidil ar na hAimsearaibh tá sé déanta go mion is go cruinn, agus tugtar aire speisialta doná fuirmeacha spleadhcha. Ughdar ar na hAimsearaibh graiméir isead í. Tá aiste spéiseamhail óna láimh, ar an aimsir san tSean Ghaedhilg, i gcló in " Études Celtiques," an dá uimhir dhéideanacha a tháinig amach.

San chuid deiridh de théx an leabhair, tráchtar ar Abairtíbh is ar an gcuma 'na gceangaltar dá chéile iad san chainnt. An gnó a dheineann "agus " san chás san. Gheibhmíd tagairt d'Abairtí Comhuird, d'Abairtí Coibhneasta, agus d'Abairtí Comgheallacha. Cuid tábhachtach den leabhar é sin, mar do thabharfadh an stróinséir fé ndeara rudaí ná feiceadh an Gaedhilgeóir i n-aonchor toisc a thaitighe agus a aitheantas ar a thanga dhúthchais. Deintear trácht san chaibidil deiridh ar an Ainm Briathrdha, ar a mhéid is Ainm é, agus ar a mhéid is Insinid é.

Agus mar bhuille sguir, chun taithighe ar an gcanamhaint tá scéal beag i gcló, scéal do cuireadh síos ó bhéal Pheig Sayers san bhliadhain, 1933. Tá sé léirighthe

This content downloaded from www.corkhist.ie

All use subject to CHAS Terms and Conditions

Digital content (c) CHAS 2015